A Chomh-mhúinteoir Gaeilge,

Beannachtaí ó Fhoireann Ghaeilge Oide! Tá súil againn go raibh sos síochánta agat le linn an bhriseadh lár téarma. Guímid gach rath ort agus ar do scoláirí don téarma seo.

**Tionól Teagaisc 2024-2025**

**Dáta: Dé Sathairn 9 Samhain 2024**
**Am: 09:30-15:00**
**Ionad: Óstán Killeshin, Port Laoise, Co. Laoise, R32 TYW7.**

Ní fada uainn féile na foghlama do mhúinteoirí Gaeilge! Is cúis áthais dúinn an Tionól Teagaisc a reáchtáil chun gnéithe de theagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge a phlé. Gabhaimid buíochas leis na múinteoirí ar fad atá cláraithe cheana féin- táimid ag súil le casadh libh! Soláthrófar sé cheardlann déag ar an Satharn seo ag Tionól Teagaisc 2024/25 as a mbeidh múinteoirí ag roghnú ceithre cinn. Tá cóip den chlár san íomhá thíos. Léiríonn éagsúlacht na gceardlann réimse na foghlama agus an teagaisc a tharlaíonn sna seomraí ranga Gaeilge. Cuirfear lón ar fáil don lucht freastail agus tabharfar mála féiríní dóibh chomh maith! Muna bhfuil tú cláraithe don ócáid seo tapaigh an deis anois, beidh an clárú ag dúnadh ar an Déardaoin agus níl ach méid áirithe málaí féiríní againn. Cláraigh anseo: https://tinyurl.com/TT20242025


Oide

**Tionól Teagaisc 2024/25**

**Dé Sathairn 9 Samhain 2024, Óstán Killeshin, Port Laoise, Co. Laoise, R32 TYW7.**
**Roghnaigh as na ceardlanna thíos & Cláraigh ag: https://tinyurl.com/TT20242025**

| | |
|---|---|
| **9:30-10:00 Clárú agus Fáiltiú** | |
| **10:00 Oscailt Oifigiúil - *Walnut Suite*** | |
| Seisiún 1<br>10:30- 11:15 | An Fhilíocht mar Thaca le Forbairt Scileanna Cumarsáide sa Seomra Ranga Gaeilge le **Freda Kinsella**, **Scoil Mhuire**, Tír an Iúir, Baile Átha Cliath. |
| | Teanga sa Bhreis, Deiseanna sa Bhreis: Ag Spreagadh na Spéise sa Ghaeilge le Bláthnaid Uí Fhatharta, Oifigeach Cumarsáide agus Margaíochta COGG. |
| | 'Bláthú Teanga í a Léamh'- Dea-chleachtais in ionramháil na dtéacsanna litríochta (Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta 2027) i ranganna na sraithe sinsearaí le **Joy Uí Shiodhcháin** agus **Ciarán Ó Dubhthaigh**, Oide. |
| | Cláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2anna) le **Karen Stenson**, **Meánscoil Naomh Sheosaimh**, Droichead Chaisleán Loiste, Co. na hIarmhí/Comhalta san Oideachas Ionchuimsitheach le hOide. |
| **11:15-11:45 Sos Tae agus Caife & Aonach na Seastán - *Walnut Suite*** | |
| Seisiún 2<br>11:45-12:30 | An Litríocht mar Áis Theagaisc agus Foghlama - Dea-chleachtais in ionramháil na dtéacsanna litríochta (Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta 2027) i ranganna na sraithe sinsearaí le **Sinéad Lewis**, **Meánscoil na Toirbhirte**, Durlas Éile, Co. Thiobraid Árainn.* |
| | Teagasc na Gaeilge san Idirbhliain le **Mark Rossiter**, **Coláiste Muire**, Bóthar Ráth Tó, Baile Átha Cliath agus **Marcus Ó Floinn**, Ceannaire Sinsearach, Foireann Traseamála Oide. |
| | Straitéisí do Bhéaltrialacha na hArdteistiméireachta le h**Arlene Ní Chonbhuí**, **Pobalscoil Naomh Wolstan**, Cill Droichid, Co. Chill Dara. |
| | Measúnú Foirmitheach chun Foghlaim na Scoláirí a chur chun cinn: Straitéisí Praiticiúla don Seomra Ranga le h**Andrea Nic Ghiolla Phádraig**, **Coláiste Uí Chearúilláin**, An Obair, Co. na Mí agus **Áine Nic Ghiolla Phádraig**, Ceannaire Foghlama Gairmiúla, Oide. |
| Seisiún 3<br>12:30-13:15 | Teagasc Dianphróiseála *(E.P.I.)* - Léargas a chur ar fáil maidir le héagsúlacht tascanna agus acmhainní a fhreastalaíonn ar mhianta foghlama na scoláirí sa mhodh mhúinte seo le h**Órla** agus **Aoife de Buitléir**, **Coláiste Thulach Mhór**, Co. Uíbh Fhailí. |
| | An Litríocht mar Áis Theagaisc agus Foghlama - Dea-chleachtais in ionramháil na dtéacsanna litríochta (Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta 2027) i ranganna na sraithe sinsearaí le **Sinéad Lewis**, **Meánscoil na Toirbhirte**, Durlas Éile, Co. Thiobraid Árainn.* |
| | An Drámaíocht mar Áis Theagaisc - Modheolaíochtaí spraíúla chun comhrá a spreagadh sa seomra ranga le Nóra Nic Con Ultaigh agus Bríd Treasa Ní Ghaoithín, *Fighting Words*. |
| | Féidearthachtaí an Cheoil agus Múscailt na Cruthaitheachta ag baint úsáid as Teicneolaíochtaí Digiteacha le h**Iseult Ní Chonchúir**, Coláiste na Tríonóide. |
| **13:15-14:15 Lón, Aonach na Seastán, Crannchur, Tae & Caife** | |
| Seisiún 4<br>14:15-15:00 | Cluichí chun Cainte le **Vikki Ní Bhréin**, **Coláiste Phobal Lusca**, Co. Bhaile Átha Cliath. |
| | Ag cur an Fhoghlaim Thascbhunaithe um Theanga chun cinn sa Seomra Ranga Gaeilge le **Pearse Ahern**, Ollscoil Bhaile Átha Cliath. |
| | Gaelbhratach - Cur chun cinn na Gaeilge ar bhonn struchtúrtha, pleanáilte agus taitneamhach sna hiar-bhunscoileanna le Gael Linn. |
| | 'Bláthú Teanga í a Léamh'- Dea-chleachtais in ionramháil na dtéacsanna litríochta (Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta 2027) i ranganna na sraithe sinsearaí le **Joy Uí Shiodhcháin** agus **Ciarán Ó Dubhthaigh**, Oide. |

@Oide_PP_Gaeilge
www.oide.ie

Foirm Chláraithe don Tionól Teagaisc 2024-2025

Más féidir linn aon tacaíocht a sholáthar duit, níl le déanamh agat ach teagmháil a dhéanamh linn. Fáiltímid roimh do chomhfhreagras i gcónaí. Níl le déanamh agat ach ríomhphost a sheoladh chuig **eolas@oide.ie**

Guímid gach rath ar an obair.

Is muidne le meas,
Foireann na Gaeilge Iar-bhunscoile, Oide.
*Doras Feasa Fiafraí*